



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

Taighde ar Pháirtithe Leasmhara ar son Oifig an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil arna déanamh ag Amárach

Achoimre Fheidhmeach

Choimisiúnaigh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (OARCC) *Amárach Research* chun tabhairt faoi thaighde ar pháirtithe leasmhara i measc dhá phríomhghrúpa. Sa chéad ghrúpa, bhí comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí Dháil Éireann. Sa dara ghrúpa, bhí réimse eagraíochtaí éagsúla a ndéanann OARCC iniúchadh ar a gcuntais ar bhonn bliantúil. Tugadh cuireadh do chomhaltaí uile den Choiste um Chuntais Phoiblí páirt a ghlacadh sa phróiseas. I gcás an dara grúpa, rinne Amárach na heagraíochtaí a bhraisliú de réir tréithe agus cineálacha éagsúla agus roghnaíodh 10% den bhunachar cliant iomlán.

I dtéarmaí foriomlána, tá domhaintuiscint ann go bhfuil a sainchúram agus oibleagáidí bunreachtúla á gcomhlíonadh ag OARCC. Meastar gur oifig neamhspleách í a dhéileálann le fíricí agus i bhfíricí. Aon obair a chuirtear i gcrích ag OARCC, meastar gur obair dhíograiseach chríochnúil í. Sa chuid is mó d’eagraíochtaí, is as saincheisteanna beaga seachas saincheisteanna móra a thagann na teannais a théann le hiniúchtaí.

Níl roinnt agallaithe sásta leis an gcaidreamh atá acu le OARCC. Cé go n-aontaíonn siad, mar eagraíochtaí iniúchta, go bhfuil siad oscailte do phlé láidir maidir le torthaí, tá siad den tuairim go bhfuil siad á rialáil seachas á n-iniúchadh. Bíonn eagla orthu go ndéanfaí torthaí OARCC a chur ar aghaidh chuig an gCoiste um Chuntais Phoiblí. Tá fothuairim leanúnach ann freisin maidir le comhréireacht na dtorthaí. Tá muinín uilíoch ann as OARCC agus tugtar tacaíocht uilíoch freisin do OARCC agus dá ról maidir le cuntas a thabhairt ar an leas a bhaintear as airgead poiblí, ach léirítear tuairim chomhchoiteann go rímhinic go mbaineann roinnt torthaí éagsúla leis an mbealach a cheaptar go ndírítear ar shaincheisteanna beaga mionsonraithe. Féadfaidh go dtiocfaidh cultúr seachanta-rioscaí chun cinn san eagraíocht iniúchta dá bharr.

Caithfear breithniú a dhéanamh ar an bpríomh-shaincheist eile, is í sin an chumarsáid idir OARCC agus na heagraíochtaí iniúchta. Go leor de na daoine a chuireamar faoi agallamh, bhí siad den tuairim go bhfuil *cinneadh* gníomhach déanta ag OARCC *gan* caidreamh a chothú leo. Cothaíonn sé sin roinnt frustrachais sna heagraíochtaí iniúchta.

Tháinig cúig phríomhthéama chun cinn sa taighde:

1. Creidtear go forleathan i neamhspleáchas agus iontaobhas na hoibre a dhéanann OARCC.
2. Is ann do sheirbhís athraitheach do chustaiméirí le haghaidh na n-eagraíochtaí iniúchta.
3. Tá fonn i measc na n-eagraíochtaí foghlaim ó OARCC agus dea-chleachtas a chomhroinnt.
4. D'fhéadfadh an fhaisnéis a bhailítear ó eagraíochtaí iniúchta a chuíchóiriú.
5. Tá riachtanas ann le feabhas a chur ar chumarsáid i ndáil le tionscadail.

Ceann de phríomhchuspóirí an tionscadail ná athbhreithniú a dhéanamh ar an stráitéis cumarsáide don OARCC.

Oibríonn cumarsáid ag leibhéal éagsúla páirtithe leasmhara, agus trí bhealaí agus meáin éagsúla. Is léir go bhfuil leibhéal éagsúla rannpháirtíochta agus ceanglais cumarsáide éagsúla ann le haghaidh grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara.

Má chuirtear na hacmhainní iomchuí ar fáil, tá deis ann cumarsáid a dhéanamh leis na grúpaí sin agus le grúpaí eile páirtithe leasmhara maidir le feidhm, obair agus torthaí OARCC.

1.0 Réamhrá

I ndiaidh próisis tairiscintí iomaíocha in 2018, rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (OARCC) *Amárach Research* (www.amarach.com) a choimisiúnú chun tabhairt faoi thaighde i measc na n-eagraíochtaí samplacha arna n-íniúchadh ag OARCC. Leagtar amach sa tuarascáil seo torthaí an chláir taighde sin. Tá sí leagtha amach mar seo a leanas:

2.0 Cur Chuige Modheolaíochta

2.1 Teagmháil le Rannpháirtithe

2.2 Próifíl na Rannpháirtithe

2.3 Leagan amach agus ábhar an agallaimh

3.0 Príomhthorthaí

3.1 Tuairimí Foriomlána

3.2 Príomhthéamaí

4.0 Straitéis Cumarsáide a Fhorbairt

5.0 Tátail

2.0 Cur Chuige Modheolaíochta

Déanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (OARCC) iniúchadh ar 300+ eagraíocht gach bliain. Amhail eagraíocht ar bith um sheirbhísí gairmiúla, tá sé tábhachtach go bhfuil tuiscint aici ar a bunachar cliant.

Baineann éagsúlacht mhór le scála agus cineál na n-eagraíochtaí a ndéanann OARCC iniúchadh orthu. Tá buiséad bliantúil €20 billiún ag cuid díobh agus buiséad níos ísle ná milliún ag cuid eile díobh. Dá dhroim sin, féadfaidh éagsúlacht mhór a bheith i gceist ó thaobh scála na hidirghabhála idir OARCC agus a cliant. In eagraíochtaí áirithe, bíonn an idirghabháil dírithe ar iniúchtaí eatramhacha agus ar iniúchtaí deiridh. I gcás eagraíochtaí móra casta, bíonn idirghabháil leanúnach ar an láthair i gceist. Tá go leor i bpáirt ag na heagraíochtaí arna n-iniúchadh ag OARCC, ach baineann feidhm uathúil leo go léir freisin - níl ann ach Roinn Cosanta nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte amháin.

Imríonn feidhm, scála agus castacht na n-eagraíochtaí iniúchta tionchar ar an idirghabháil idir OARCC agus a bunachar cliant freisin. I bhfianaise líon réasúnta beag na n-eagraíochtaí agus daoine aonair a ndéanann OARCC iniúchadh orthu, a scála éagsúil agus cineál éagsúil a bhfeidhmeanna, rinneadh cinneadh gur fearr modheolaíocht an taighde cáilíochtúil a úsáid mar chleachtadh bailithe taighde agus sonraí.

Is féidir le cláir thaighde ar pháirtithe leasmhara leas a bhaint as roinnt modheolaíochtaí taighde éagsúla. I gcás go bhfuil líon an-mhór rannpháirtithe féideartha i gceist, nó i gcás go nglactar cur chuige caighdeánach i leith na hidirghabhála, is féidir suirbhé ceistneora cainníochtúil a úsáid. I gcás go mbíonn idirghabhálacha éagsúla i gceist ó thaobh na heagraíochta, ról an agalláí agus fheidhm agus mhéid na heagraíochta, ní bhíonn an tsolúbthacht agus acmhainn iomchuí i gceist le suirbhé cainníochtúil ina aonar chun na sonraí ábhartha a bhailiú.

Dá dhroim sin, bhaineamar leas as modheolaíocht taighde cáilíochtúil chun críocha an chlár taighde seo. Mar chuid de na clár taighde cáilíochtúil, tugadh faoi phlé domhain mionsonraithe leis an agalláí ar bhonn duine le duine. I gcás na n-eagraíochtaí ar fad, bá é/í an tOifigeach Cuntasaíochta (nó a (h)ainmní uaireanta) an t-agalláí a bhí i gceist. Ba iad baill sinsearacha foirne in *Amárach Research* a rinne na hagallaimh go léir. Bheartaíomar i dtosach 25 agallamh a dhéanamh le heagraíochtaí iniúchta. Mar thoradh ar leibhéal an chomhoibrithe agus na rannpháirtíochta a fuaireamar ó rannpháirtithe féideartha, rinneamar 29 agallamh ar an iomlán.

2.1 Teagmháil le Rannpháirtithe

Ionas go n-éireoidh le clár taighde cáilíochtúil, tá sé ríthábhachtach go nglacann cineálacha éagsúla eagraíochtaí páirt go hiomlán sa chlár. Is tábhachtach freisin go léirítear sna heagraíochtaí a roghnaítear trasghearradh den bhunachar cliant. San iarratas bunaidh ar thairiscint ó OARCC, sainithníodh roinnt catagóirí d’eagraíochtaí ónar cheart agallaithe rannpháirtíochta a roghnú. Is iad seo a leanas na catagóirí:

- Ranna Rialtais
- Gníomhaireachtaí Móra
- Gníomhaireachtaí Meánmhéide agus Gníomhaireachtaí Beaga
- Gníomhaireachtaí a bhaineann le Cúrsaí Sláinte
- Comhlachtaí Tríú Leibhéal
- Boird Oideachais agus Oiliúna
- Comhlachtaí a thugann a n-iniúchtaí amach ar conradh do ghnólacht príobháideach iniúcháirí.
- Comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí Dháil Éireann.

Tugadh liosta do *Amárach Research* de na heagraíochtaí go léir arna n-iniúchadh ag OARCC i ngach catagóir. Ansin, roghnaigh Amárach eagraíochtaí i ngach fo-chatagóir. Chuireamar cúpla eagraíocht sa bhreis ar an sampla féideartha a bhí riachtanach san áireamh i ngach catagóir chun freagairt d’eagraíochtaí nach nglacfadh páirt nó nach mbeadh ar fáil ar chúiseanna lóistíochtúla. I gcás an Choiste um Chuntais Phoiblí, tugadh cuireadh do na comhaltaí uile páirt a ghlacadh sa chlár.

2.1.1 Eagraíochtaí a Roghnú le haghaidh Agallamh

Agus sainaitheint na rannpháirtithe féideartha curtha i gcrích, leanadh próiseas earcaíochta trí chéim. Is é seo a leanas an próiseas cumarsáide:

- Seoladh chuig OARCC an liosta de shampla roghnaithe na n-eagraíochtaí rannpháirtithe.
- Ansin, scríobh OARCC chuig an Oifigeach Cuntasaíochta i ngach Eagraíocht agus chuig comhaltaí uile den Choiste um Chuntais Phoiblí. Chuir an litir sin ar an eolas iad faoi fheidhm agus sainchúram an tionscadail agus tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh ann. Tugadh chun suntais gur rannpháirtíocht dheonach a bhí i gceist. Cuireadh in iúl do na rannpháirtithe féideartha go raibh Amárach fostaithe chun tabhairt faoin tionscadal.
- Nuair a bhí na litreacha curtha amach, thug OARCC an liosta ar ais do *Amárach Research*. Ó lárionad glaonna Amárach, rinneadh teagmháil leis na rannpháirtithe uile ar an liosta agus socraíodh coinne leo siúd a bhí ar fáil chun páirt a ghlacadh.

De ghnáth, i gcás clár taighde cáilíochtúil, meastar go n-éiríonn go maith leo má shroichtear ráta rannpháirtíochta thart ar 40% go 50%. Bhí ráta rannpháirtíochta nach mór 70% i gceist leis an gclár seo. Go tipiciúil, nuair nár ghlac eagraíocht páirt, lóistíocht ba chúis leis seachas cinneadh gan páirt a ghlacadh.

2.2 Próifíl na Rannpháirtithe

Bhí dhá chatagóir éagsúil agallaimh i gceist - eagraíochtaí arna n-iniúchadh ag OARCC agus comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí.

Thugamar cuireadh do chomhaltaí uile den Choiste um Chuntais Phoiblí páirt a ghlacadh. D'éirigh linn ochtar comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí a chur faoi agallamh. Tarraingíodh iad ó thrasghearradh páirtithe agus cúlraí.

I gcás na n-eagraíochtaí, reáchtáladar 29 agallamh, le hOifig Cuntasaíochta sa chuid is mó de na cásanna. I gcásanna áirithe, roghnaigh an tOifigeach Cuntasaíochta duine den fhoireann bainistíochta chun an t-agallamh a dhéanamh, duine a raibh freagracht orthu de ghnáth i ndáil leis an bhfeidhm airgeadais in eagraíochtaí an-mhóra. In agallaimh eile, in éineacht le duine ainmnithe an Oifig Cuntasaíochta, bhí oifigeach airgeadais na heagraíochta atá freagrach as an idirghabháil ó lá go lá le OARCC nó a raibh caidreamh ní b'fhaide acu le OARCC i gcomhthéacs na heagraíochta sin.

I dTábla 1, tugtar miondealú níos mionsonraithe ar phróifíl na n-eagraíochtaí a ghlac páirt sa chlár taighde.

Tábla 1. Próifíl na Rannpháirtithe

Catagóir na hEagraíochta	Líon na nAgallamh a Cuireadh i gCrích
Comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí Dháil Éireann	8
Ranna Rialtais	8
Gníomhaireachtaí Móra	6
Gníomhaireachtaí Meánmhéide / Beaga	3
Gníomhaireachtaí a bhaineann le Cúrsaí Sláinte	3
Comhlachtaí Tríú Leibhéal	2
Boird Oideachais agus Oiliúna	1
Comhlachtaí Ar Conradh	6

2.21 Rúndacht

Is príomhghrúpa iad na rannpháirtithe i Seirbhís Phoiblí na hÉireann. Ag tús gach agallamh, rinneamar rúndacht iomlán a ráthú dóibh ionas go mbeadh siad in ann páirt iomlán oscailte a ghlacadh sa phlé. Táimid den tuairim gur chruthaigh an gealltanas sin faoi rúndacht cúinsí ina raibh iontaoibh agus oscailteacht agus chuir na cúinsí sin go mór le rath an chlár taighde. Ní dóigh linn gur imir an gealltanas sin tionchar ar bith ar na tuairimí dearfacha ná diúltacha i leith OARCC. Creidimid go raibh sé tábhachtach an gealltanas sin faoi rúndacht a thabhairt ag tús an phróisis ionas go raibh na rannpháirtithe sásta a bheith páirteach go hiomlán. Ach gan aon dabht, ba mhór an sólas do dhaoine áirithe (go mór mór na heagraíochtaí gur bheag a dteagmháil rialta le OARCC) an cur chuige arna ghlacadh.

Feidhmíonn an taighde go léir arna déanamh ag Amárach faoi threoirlínte *AIMRO* (Cumann na nEagraíochtaí um Thaighde Margaidh in Éirinn) agus faoi threoirlínte na heagraíochta coibhéisí san Eoraip, *ESOMAR*.

2.3 Leagan amach agus Ábhar an Ágallaimh

D'fhorbraíomar treoirlínte plé ina léirítear cúlra agus ról na n-agallaithe. Ba le haghaidh na n-agallamh leis na Teachtaí Dála atá ina gcomhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí an chéad cheann. Forbraíodh an dara ceann le haghaidh na n-agallamh leis na heagraíochtaí. Bhí croí an dá agallamh díreach mar an gcéanna agus dhírigh siad ar:

- Na hAgallaithe a Chur in Aithne agus eolas maidir lena ról i ndáil le OARCC.
- An Idirghabháil a bhíonn ag gach duine ar leith acu le OARCC
- OARCC agus an Coiste um Chuntais Phoiblí
- A dTuairimí foriomlána faoi OARCC
- A dtuairimí faoi Neamhspleáchas OARCC
- Straitéis Cumarsáide OARCC
- Tátail agus Nótaí Tráchta Eile

Tharla na hagallaimh ar fad go luath in 2019. Thug Michael McLoughlin (Príomhfheidhmeannach) nó Gerard O'Neill (Cathaoirleach) ó *Amárach Research* faoi na hagallaimh ar bhonn duine le duine. Tharla na hagallaimh i bpearsa in oifig an agallaí uaireanta ach, de ghnáth, rinneadh ar an teileafón iad.

3.0 Príomhthorthaí

Agus tuairisciú á dhéanamh ar aon chlár taighde cáilíochtúil, tá sé tábhachtach díriú ar théamaí agus torthaí comhroinnte - seachas ar chásanna aonair amháin. Agus anailísiú á dhéanamh ar na torthaí, táimid tar éis díriú ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn ó roinnt mhaith eagraíochtaí.

3.1 Tuairimí Foriomlána

Táimid tar éis roinnt príomhthéamaí a fhorbairt in alt 3.2 den tuarascáil seo ach táimid tar éis díriú freisin ar roinnt tuairimí uileghabhálacha maidir le feidhmíocht Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (OARCC) ag ardleibhéal.

3.1.1 Tuairimí Dearfacha

- Is ann do dhomhaintuiscint go bhfuil a sainchúram agus oibleagáidí bunreachtúla á gcomhlíonadh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Meastar gur oifig neamhspleách í a dhéileálann leis na fíricí.
- Rinne go leor agallaithe an cás gur cheart do OARCC níos mó airde a thabhairt ar an gcomhthéacs athraithe ina eisítear a dtuarascálacha. Aithnítear nach féidir le OARCC an comhthéacs athraithe sin a rialú agus go deimhin go bhfuil sé ag dul chun aimhleasa di.
- Léirítear meas ar fhostaithe agus foireann OARCC. Creidtear go forleathan go gcuireann na dúshlán chéanna earcaíochta agus choinneála atá le feiceáil ar fud na seirbhíse phoiblí go ginearálta isteach ar OARCC freisin. Ceaptar gur neartaíodh scileanna na foirne le roinnt blianta anuas ach go bhfuil foireann OARCC faoi bhrú chun a ualach oibre ar fad a chur i gcrích. Go speisialta, tá roinnt comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí den tuairim gur cheart tacar sainscileanna OARCC a neartú chun athruithe ó thaobh na teicneolaíochta de agus an bealach a théann sí i bhfeidhm ar eagraíochtaí a chur san áireamh.
- Léirigh an Coiste um Chuntais Phoiblí tuairim go dtugann OARCC luach maith ar airgead trí léargas a thabhairt ar chaiteachas Rialtais agus ar na bealaí is féidir feabhas a chur ar rialú agus bainistiú an chaiteachais sin.
- An obair a chuirtear i gcrích ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, meastar gur obair dhíograiseach chríochnúil í. Sa chuid is mó d’eagraíochtaí, is as saincheisteanna beaga seachas saincheisteanna móra a eascraíonn an teannas.

3.1.2 Tuairimí Ar Lú a nDearfachta

- Ní bhíonn an chuid is mó d'agallaithe sásta lena gcaidreamh le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Cé go n-aontaíonn siad, mar eagraíochtaí iniúchta, go bhfuil siad oscailte do phlé láidir maidir le torthaí, tá siad den tuairim go bhfuil siad á rialáil acu seachas á n-iniúchadh.
- Bíonn eagla orthu go gcuirfí torthaí OARCC ar aghaidh chuig an gCoiste um Chuntais Phoiblí.
- Tá fothuairim leanúnach ann freisin maidir le comhréireacht na dtorthaí. Tá muinín uilíoch ann as OARCC agus tugtar tacaíocht uilíoch di agus dá ról maidir le cuntas a thabhairt ar an leas a bhaintear as airgead poiblí, ach léirítear tuairim chomhchoiteann go rímhinic go bhfuil cothromaíocht mhícheart ann idir ábharthacht agus ionracas ar uairibh.
- Meastar go mbaineann torthaí éagsúla leis an mbealach a cheaptar go ndírítear ar shaincheisteanna beaga mionsonraithe. Féadfaidh go dtiocfaidh cultúr seachanta-rioscaí chun cinn san eagraíocht iniúchta dá bharr. Sna heagraíochtaí ar fad, glactar lán dáiríre le torthaí iniúchtaí agus litreacha bhainistíochta OARCC. Uaireanta, áfach, tagann an tuairim chun cinn nach gcuireann iniúchtaí agus litreacha bainistíochta OARCC luach le reáchtáil na heagraíochta. Cé gur tuairim fhorleathan seachas tuairim uilíoch í seo, tá braistint ann gur cheart go mbeadh eagraíochtaí in ann níos mó tairbhe a bhaint as iniúchtaí OARCC.
- Caithfear breithniú a dhéanamh ar shaincheist phríomha eile, is í sin an chumarsáid idir OARCC agus na heagraíochtaí iniúchta. Go leor de na daoine a chuireamar faoi agallamh, bhí siad den tuairim go bhfuil cinneadh gníomhach déanta ag OARCC **gan** caidreamh a chothú leo. Cothaíonn sé sin roinnt frustrachais i gcás na n-eagraíochtaí iniúchta.
 1. Ba mhaith leo a bheith in ann comhrá a bheith acu, ag an leibhéal sinsearach, faoina n-eagraíocht agus faoin gcomhthéacs ina ndearnadh cinntí. Braitheann go leor eagraíochtaí nach féidir leo a leithéid a dhéanamh.

2. Cuireann na heagraíochtaí ceisteanna ar an bhfoireann iniúchóireachta. Ní réitítear na ceisteanna sin ina gcomhráite le OARCC. Cuirtear an cheist ar aghaidh chuig foireann sinsearach OARCC agus bíonn sé deacair a rá cén sórt freagra a fhaightear agus cé chomh fada a thógann sé freagra a fháil.
 3. Is minic nach reáchtáiltear cruinniú ar bith nuair a chuirtear an t-iniúchadh i gcrích.
 4. Is minic nach mbíonn eagraíochtaí cinnte cad a bhíonn á lorg uathu (ó thaobh sonraí agus achair ama) agus uaireanta tarlaíonn sé go mbíonn dúbláil i gceist.
 5. Féadfaidh easaontais ó thaobh léirmhínte a bheith ann idir gníomhaireachtaí Stáit, agus is minic a thagann léirmhínte éagsúla chun cinn ar rialacha soláthair idir OARCC agus an Oifig um Sholáthar Rialtais. Ciallaíonn sé sin gur féidir le heagraíochtaí a bheith i gcomhréir le hOifig um Sholáthar an Rialtais agus OARCC a bheith den tuairim gur sárú teicniúil atá i gceist.
- Ní bhíonn tuairim cheart ag eagraíochtaí cathain a thiocfaidh an t-iniúchadh chun deiridh. I gcás eagraíochtaí a mbíonn níos mó ná freagracht tuairiscithe rialála amháin orthu (e.g. *HIQA*), féadfaidh siad a bheith faoi bhrú ag iarraidh spriocdhátaí níos luaithe a chomhlíonadh.
 - Ceaptar gur eagraíocht uathúil í OARCC. Má dhéantar comparáid, is leis na Coimisinéirí Ioncaim agus le gnólachtaí príobháideacha iniúchóireachta a dhéantar í. Déanann na heagraíochtaí sin a úsáideann gnólachtaí príobháideacha iniúchóireachta cur síos ar chaidreamh difriúil ina mbíonn caidreamh cliant ó thaobh an iniúchta agus polasaí iontrála oscailte i gceist go héifeachtach. Meastar go mbíonn caidrimh iniúchóireachta san earnáil phríobháideach gach píoc chomh críochnúil agus go mbíonn an chuma ar an scéal go mbíonn siad dírithe ar ábharthacht agus comhréireacht. Ceaptar freisin gur caidreamh níos fiúntaí a bhíonn i gceist.
 - Eagraíocht amháin rialtais lena gcuirtear OARCC i gcomparáid go minic ná na Coimisinéirí Ioncaim. Amhail na Coimisinéirí Ioncaim, is eagraíocht rialacha-bhunaithe í OARCC. Ar an taobh eile den scéal, reáchtálann na Coimisinéirí Ioncaim go leor imeachtaí faisnéise agus seimineár chun daoine a choinneáil suas chun dáta maidir le hathruithe atá le teacht. Ní dhéanann OARCC é sin, cé go n-aithnítear freisin gur eagraíocht de scála difriúil í OARCC.

I measc na moltaí a rinneadh, luadh gur féidir leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste labhairt le fóram amhail Cumann na bPríomhfheidhmeannach ar Ghníomhaireachtaí Stáit faoi rialacha Theach Chatham chun tuiscint níos fearr a fháil ar shaincheisteanna/ábhar imní na n-eagraíochtaí cliaint.

3.2 Príomhthéamaí

3.2.1 *Creidtear go forleathan i neamhspleáchas agus iontaobhas na hoibre a dhéanann OARCC.*

- Tá comhthuiscint fhorleathan chomhroinnte ann faoi thábhacht ról OARCC. Creideann na hagallaithe i gcriticiúlacht a gcuid oibre d’fheidhmiú an Stáit agus sa cheanglas go gcaithfear a leithéid d’fheidhmeanna a dhéanamh i ndaonlathas.
- Is ann d’aitheantas uilíoch ar thábhacht ról OARCC. Cé nach mbíonn cuid d’eagraíochtaí róthógtha le tuarascálacha nó torthaí sonracha (agus i roinnt cásanna rinne siad an cás sin), ní léiriú é sin ar a dtuairimí maidir le neamhchlaontacht OARCC mar fheidhm nó mar eagraíocht.
- Mar a luaitear thuas, tá roinnt agallaithe den tuairim go bhfuil sé ródheacair teagmháil a bhunú maidir le pointí réasúnacha soiléirithe nó eolais i litreacha iniúchta agus bainistíochta, mar a fheictear dóibh iad. Gan féachaint le tionchar iomarcach a imirt ar thorthaí iniúchtaí, tá go leor eagraíochtaí den tuairim go rachadh sé go mór chun tairbhe an phróisis idirghabhála dá gcaithfí am ag tús an phróisis iniúchta chun tuiscint a fháil ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn an eagraíocht atá á hiniúchadh. Tá braistint ag na heagraíochtaí go gcreideann OARCC go bhféadfadh idirghabháil mar sin dochar a dhéanamh dá neamhspleáchas agus dá hiontaofacht. Ní aontaíonn na heagraíochtaí leis an mbraistint sin.

- Tá braistint ann, go mór mór i measc na Ranna Rialtais, go gcaithfidh OARCC tuiscint níos fearr a fháil ar an gcomhthéacs ina eisítear a dtuarascálacha. Is ábhar imní do roinnt agallaithe nach bhfuil tuiscint ag OARCC ar chultúr athraithe an Choiste um Chuntais Phoiblí agus ar conas a fheidhmíonn an coiste sin. Ó thaobh na teanga a úsáidtear i dtuarascálacha iniúchóireachta, tarlaíonn sé uaireanta go mbaineann an Choiste um Chuntais Phoiblí ciall iomlán difriúil as an téacs ná an chiall a bhí i gceist leis an údar ó OARCC agus an tuarascáil á scríobh.
- Is léir go bhfuil ról an Choiste um Chuntais Phoiblí lasmuigh de shainchúram an chlár taighde seo, ach is díol suntais é nach raibh fonn ar na heagraíochtaí go ginearálta teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí.

Tuairimí comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí

- Tá chomhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí go láidir den tuairim go dtacaíonn OARCC lena ról agus lena sainchúram trí dhíriú ar chaiteachas airgid phoiblí. Féachann siad ar OARCC mar phríomh-acmhainn ó thaobh na feidhme reachtúla seo a chur chun feidhme. Is tuairim fhorleathan é i measc comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí gur sampla í OARCC d'oifig rialtais dhea-riartha.
- Ceaptar gur eagraíocht í OARCC a dhéileálann i bhfíricí.
- Feictear go mbíonn OARCC críochnúil, gairmiúil agus neamhspleách, agus gur tagarmharc í don tSeirbhís Phoiblí.
- Bhí an chuma ar an scéal nach mbíonn teagmháil dhíreach idir comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí agus OARCC ar bhonn rialta, cé go mbíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ag a gcruinnithe seachtainiúla mar fhinné buan. Bhí siad ag brath ar rúnaíocht a gcoiste féin tuarascálacha agus achoimrí a chur ar fáil maidir le haschur OARCC. Tá a fhios acu gur féidir leo teagmháil a dhéanamh le OARCC más gá, ach tá an chuma ar an scéal go bhfuil siad sásta leis na socruithe atá i bhfeidhm faoi láthair.

3.2.2 Seirbhís Athraitheach do Chustaiméirí le haghaidh Eagraíochtaí Iniúchta

- Tá go leor eagraíochtaí sásta leis an teagmháil a bhíonn acu le OARCC. De ghnáth, is eagraíochtaí móra iad sin, a mbíonn feidhmeanna móra airgeadais inmheánacha acu a dhéanann gnáth-idirbheartaíochtaí éagsúla.
- Tá tuairim ann go bhfuil cineál na hidirghabhála idir an eagraíocht agus OARCC róspleách ar chomhdhéanamh na foirne OARCC a dhéanann an t-iniúchadh ar an eagraíocht. Áirítear leis sin an fhoireann a bhíonn i mbun sonraí a bhailiú ar an láthair, an fhoireann a thugann faoin anailís in OARCC agus pearsanra sinsearach OARCC a shanntar chun an t-iniúchadh a dhéanamh. Sa chás seo freisin, aithnítear agus glactar leis an dea-chleachtas ó thaobh ball foirne a bhogadh timpeall ar fud tionscadal agus iniúchtaí. Aithnítear agus tá tuiscint ann ar na brúnna lóistíochtúla agus praiticiúla a bhíonn roimh OARCC agus í ag féachaint le tionscadail a chur i gcrích laistigh de chreat-ama sainithe agus rialála.
- Tá na brúnna agus dúshláin seo éagsúil ó na samplaí inar luaigh agallaithe cásanna ina ndeachaigh athrú ó thaobh phearsanra ar fhoireann OARCC i bhfeidhm go hábhartha ar cháilíocht agus ar sheachadadh sheirbhís OARCC, ar bhealach dearfach agus ar bhealach diúltach araon. I measc na n-iarmhairtí a tháinig as sin, bhí na nithe seo a leanas:
 - *Éagsúlacht ó thaobh meoin agus cuir chuige i leith na heagraíochta agus na hidirghabhála le OARCC.* Léiríodh roinnt samplaí inar tháinig athrú ar fhoireann OARCC agus leis sin, tháinig athrú ar chineál na hidirghabhála (agus ar a fócas), e.g. bhí sé dírithe ansin ar ghnéithe éagsúla de chaiteachas na heagraíochta. Bhí roinnt agallaithe den tuairim go mbíonn iniúcháirí áirithe dírithe ar réimsí sonracha (e.g. taisteal agus cothabháil) cé gur féidir le hiniúcháirí eile díriú ar mhicrea-shaincheisteanna.

- *Easpa cuimhne nó leanúnachas eagraíochta i gcás aistriú OARCC.* Bíonn cuair foghlama gear i gceist do phearsanra OARCC nuair a thagann foireann iniúchóireachta nua isteach ós rud é go bhfuil na heagraíochtaí go léir éagsúil óna chéile agus go mbaineann feidhmeanna éagsúla leo. Bíonn tionchar ag fhoireann iniúchóireachta nua ar an eagraíocht atá á hiniúchadh freisin. Nuair a thagann athrú ar an bhfoireann iniúchóireachta (cé go n-aithnítear go gcaithfidh a leithéid tarlú chun dea-chleachtas agus an saol mar atá a léiriú), féadfaidh ualach oibre breise suntasach a bheith i gceist don eagraíocht iniúchta freisin. Is fíor sin go mór mór nuair is eagraíocht bheag nó feidhm bheag airgeadais atá i gceist. Cuirtear le dúshlán na n-athruithe seo mura gcuirtear na hathruithe in iúl don eagraíocht iniúchta roimh ré. Féadfaidh sé ualach oibre breise a chur roimh an eagraíocht iniúchta.
- *Éagsúlacht ó thaobh méid na sonraí a bhailítear.* Is cosúil gur bhailigh foirne iniúchóireachta áirithe méid suntasach sonraí agus gur ghlac foirne iniúchóireachta eile cur chuige ní ba dhíré, bunaithe ar riosca. Má tharla sé go raibh sonraí in easnamh (tugadh samplaí de shonraisc ní ba lú ná €50), bhí freagairt OARCC, dar le hagallaithe, ró-spleách ar thuairim na foirne iniúchóireachta.
- *Éagsúlacht ó thaobh ról agus feidhm na heagraíochta iniúchta a thuiscint.* Is léir go bhfuil sé seo éagsúil ar fad ón aistriú a bhíonn i gceist ó fhoireann tionscadail amháin in OARCC go foireann eile. Feictear go mbíonn tuiscint níos fearr ar an eagraíocht ag foirne iniúchóireachta áirithe seachas a chéile, agus déanann siad a ndícheall an tuiscint sin a fháil.

- *Éagsúlacht ó thaobh an chuir chuige a ghlactar i ndiaidh na hoibre allamuigh a dhéanamh.* I gcás foirne áirithe, ní dhéantar teagmháil ar bith go dtí go mbíonn an t-iniúchadh an-ghar do dheimhniúcháin. I gcás eagraíochtaí lena mbaineann go leor línte tuairiscithe, agus dóibh siúd a bhfuil níos mó ná rialtóir amháin acu, is cúis struis agus imní dóibh é nuair nach mbíonn a fhios acu cathain go díreach a bheidh na hiniúchtaí ar siúl agus cathain a thiocfaidh na litreacha bainistíochta. I gcás eagraíochta amháin, déanann *HIQA* iniúchadh uirthi freisin agus dá bharr sin, bíonn spriocdhátaí difriúla tuairiscithe (níos luaithe) i gceist, lena n-áirítear iniúchadh a bheith curtha i gcrích.
- *Fonn na torthaí a phlé agus dul i mbun díospóireachta fúthu.* Tá braistint cheart ann go mbíonn pearsanra áirithe de chuid OARCC sásta torthaí an iniúchta a phlé agus dul i mbun díospóireachta fúthu ach ní bhíonn pearsanra eile sásta é sin a dhéanamh in aon chor. Ní dhearna aon agalláí an cás nach bhfuil sé de cheart ag OARCC torthaí diúltacha a léiriú ach bhí cuid de na rannpháirtithe den tuairim gur cheart é a bheith de rogha ag cliaint na torthaí a phlé ar bhealach réasúnach agus go gcloisfí a gcás. An chúis is mó frustrachas a tháinig chun cinn, bhain sé le cúrsaí comhréireachta a luaitear sa litir bainistíochta.
- *An difríocht idir iniúchtaí san Earnáil Phríobháideach agus iniúchtaí OARCC.* I gcás eagraíochtaí a bhfuil taithí acu ar iniúchtaí arna ndéanamh ag gnólaigh san earnáil phríobháideach, toisc go bhfuil iniúchadh á dhéanamh ar fhochuideachtaí nó toisc gur fhostaigh OARCC gnólacht ar conradh chun iniúchadh a dhéanamh, is léir go mbíonn eispéireas agus cultúr difriúil i gceist ó thaobh iniúchta de. Thug gníomhaireacht mhór amháin cuntas gur bhuail siad leis an Stiúrthóir de chuid OARCC a bhí a i gceannas ar a n-iniúchadh cúig bliana ó shin ach nár bhuail siad riamh arís leis/léi. De réir na heagraíochta céanna, is mó ar fad an seans go gcuirfidís glaoch ar chomhpháirtí iniúcháireachta i ngnólacht san earnáil phríobháideach (a mbíonn teagmháil rialta ghnó acu leo) ag lorg comhairle ná go gcuirfidís glaoch ar an bpearsanra céanna in OARCC.

- Uaireanta bíonn eispéireas beagán difriúil ag eagraíochtaí a dhéantar a n-iniúchtaí faoi chonradh ná mar a bhíonn ag eagraíochtaí a ndéanann foireann inmheánach OARCC a n-iniúchtaí.* Tuigean siad go bhfuiltear ag tabhairt faoin bpróiseas céanna go bunúsach agus gurb iad na spriocanna agus torthaí céanna a thagann as. Tá an próiseas mar an gcéanna ó thaobh cuntasachta i ndáil le hairgead poiblí a úsáid. Measann siad go mbíonn an dá phróiseas chomh críochnúil céanna ach go mbíonn cur chuige riosca-bhunaithe níos intuatha i gceist nuair a dhéantar iniúchadh faoi chonradh. Is léir go mbíonn eispéireas níos ‘caighdeánaithe’ ag na heagraíochtaí sin ina sheachfhoinsítear iniúchtaí ná sna heagraíochtaí ina ndéanann pearsanra de chuid OARCC an obair. Cé go measann siad go bhfuil an próiseas díreach chomh críochnúil, tá sé níos tapúla ó thaobh na hoibre allamuigh a chur i gcrích, agus ardaítear agus pléitear saincheisteanna le linn thréimhse na hoibre allamuigh seachas ina diaidh. Tá imní ann nach dtugtar fógra leordhóthanach don fheidhm airgeadais laistigh d’eagraíochtaí aonair maidir le cibé an bhfuil a n-iniúchadh á sheachfhoinsiú nó a mhalairt agus má tá, cé dó a bhfuil sé á sheachfhoinsiú.
- Tugann an téama seo le fios go bhfuil an iomarca éagsúlachta i gceist ó thaobh ceanglais de chun próiseas caighdeánaithe a chur ar bun. Cé go bhfuil feidhmeanna airgeadais agus iniúcháireachta cumasacha agus an-mhóra ag eagraíochtaí an-mhóra agus gur féidir leo na rudaí a bheidh ag teastáil uatha a thuar, bíonn sé sin deacair ar eagraíochtaí beaga déileáil leis an éileamh dothuartha ar acmhainní. Bhain cuid de na saincheisteanna a pléadh le cumarsáid agus ionchas agus déileáiltear ar bhealach níos mionsonraithe leis sin i mír 4.0.
- Tá comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí den tuairim go bhfuil feidhm chomhroinnte ag OARCC agus a gcoiste féin maidir le cuntasacht ó thaobh airgid poiblí a úsáid. Óna dtaobh féin, ceapann siad go bhfuil cuntasacht ó thaobh airgid poiblí a úsáid mar phríomhfheidhm OARCC, toradh na feidhme iniúcháireachta seachas an ról iniúcháireachta féin a bheith ina príomhfheidhm.

3.2.3 An bhfuil sé Indéanta Dea-Chleachtas a Chomhroinnt?

- Agus comparáid á déanamh le gnólachtaí iniúchóireachta san earnáil phríobháideach, ní dhearna aon agalláí cur síos orthu féin nó ar a n-eagraíocht mar chliant de OARCC. Rinne iad siúd a bhain leas as gnólacht príobháideach iniúchóireachta i ngnéithe eile dá n-oibríocht (e.g. iniúchadh inmheánach) cur síos ar ghnáthchaidreamh cliant.
- Bhí tuairim ann go raibh OARCC níos cosúla ná rialtóir ag obair ar son an rialtais, agus í dírithe ar luach ar airgead agus úsáid iomchuí airgid rialtais. Féadfaidh gur sin an bealach a fhéachann OARCC (agus an Rialtas) ar a ról agus gur mar sin is ceart an ról a shainmhíniú. Ba léir, áfach, nach bhféachtar air mar chaidreamh cliaint.
- Tá ról na cuntasachta poiblí i gcónaí sa chúlra agus iniúchtaí á ndéanamh ar eagraíochtaí poiblí. Tá caidreamh le gnólachtaí iniúchóireachta poiblí ag cuid de na heagraíochtaí. Dar leo, is caidreamh níos caighdeánaithe agus níos tráchtálaithe é sin. Labhraíonn siad go tipiciúil faoi chaidreamh idir chomhpháirtithe. Féadfaidh gur feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí, tacaíocht um thionscadail shonracha nó idirghabhálacha eile atá i gceist leis na caidrimh sin.
- Tá eagraíochtaí móra a bhfuil feidhmeanna móra airgeadais acu níos muiníní as a gcumas agóid a dhéanamh i gcoinne torthaí agus impleachtaí má bhíonn orthu agóid a dhéanamh os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí.
- Is léir go bhfuil eagraíochtaí beaga níos neirbhísí faoi fhreagra diúltach ó OARCC (agus go bhféadfaí sin a chur ar aghaidh chuig an gCoiste um Chuntais Phoiblí) ná mar atá a gcomhpháirtithe móra. Cé go bhfuil a fhios acu go teoiriciúil gur féidir leo agóid a dhéanamh i gcoinne thorthaí an iniúchta, tá braistint ann nach bhfuil siad chomh cumasach céanna agus na heagraíochtaí móra freagra a thabhairt agus agóid a dhéanamh i gcoinne thorthaí OARCC.
- De bharr na tuairime sin faoin taobh ar a bhfuil an chumhacht sa chaidreamh idir OARCC agus na heagraíochtaí iniúchta, mar aon le cumarsáid neamhsheasmhach, tá tuairim fhorleathan ann gur beag an deis a bhíonn ag eagraíochtaí míniú nó soiléiriú a chur ar fáil má thagann rud ar bith diúltach chun cinn san iniúchadh. Rinneadh roinnt tagairtí go bhfuil cultúr i measc cuid de na foirne iniúchóireachta, amhail is go bhfuil siad ag iarraidh ‘breith amuigh’ ar na heagraíochtaí iniúchta.

- Mar a leagtar amach faoi láthair iad, is iad na tuarascálacha diúltacha de chuid OARCC a tharraingíonn aird an phobail. Ní mar thoradh ar aon ghníomhaíochtaí de chuid OARCC a tharlaíonn sé sin. Meastar nach léirítear an chuid is fearr den tseirbhís phoiblí sna tuarascálacha, ach ní mar sin a dheartar iad. Is é an tuairim atá ann ná nach ndéanann an tuairisciú agus an ghníomhaíocht ar a ndírítear san fhearann poiblí ach botúin a léiriú.
- Tá fonn agus mian i measc cuid de na hagallaithe go bhféadfaí cleachtais níos fearr nó dea-chleachtas a chomhroinnt ar fud na seirbhíse poiblí. Tugadh samplaí d'áiteanna ina ndéantar é sin agus thug agallaí amháin cuntas mionsonraithe ar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Stáit Aontaithe Mheiriceá mar shampla ar leith. Iad siúd atá i bhfách leis an dea-chleachtas a chomhroinnt, tá siad den tuairim go bhféadfadh sé éifeachtacht na n-eagraíochtaí atá á reáchtáil acu a fheabhsú. Bhí na hagallaithe a rinne an moladh sin den tuairim gur bealach é chun tairbhe a bhaint as taithí eagraíochtaí eile ar fud na seirbhíse poiblí. Fotháirge eile ná go meastar gur deis é taobh níos fearr den tseirbhís phoiblí a léiriú.
- Ní aithnítear go huilíoch cé chomh indéanta a bheadh sé dea-chleachtas a chomhroinnt. Cé go dtugtar aitheantas uilíoch ar an tairbhe a bhaineann le dea-chleachtas a chomhroinnt, tá díospóireacht ann maidir le cibé ar cheart do OARCC nó eagraíochtaí eile amhail an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an ról sin a ghlacadh. Iad siúd a bhí amhrasach faoi OARCC ag comhroinnt an dea-chleachtais, cheap siad go bhféadfadh sé doiléir an difear idir an fócas ar iniúchadh agus cuntasacht agus an fócas ar fheidhm eile a bhaineann leis an dea-chleachtas a bhainistiú.
- Tá OARCC tar éis daoine a thabhairt le chéile chun athrú a phlé roimhe seo. Reáchtáladh imeacht chun tionchar FRS 102 a phlé nuair a tugadh isteach é agus dúirt gach agallaí a luaigh é gur bhain siad tairbhe as an imeacht sin. Seans go bhfuil réimsí eile ann ina mbeadh a leithéid de phróiseas tairbheach. D'fhéadfaí tráchtairacht a thabhairt ar ghrinniú bliantúil i ndiaidh na n-iniúchtaí bliantúla a chur i gcrích, chomh maith le comhdháil a reáchtáil do chliant uile nó aiseolas aonair a thabhairt ar fheidhmíocht sa phróiseas, chomh maith le haiseolas a thabhairt ar thorthaí.

- Má tá aon cheann de na moltaí sin le baint amach, ní mór srianta reatha ar acmhainní a chur san áireamh. Ní féidir iarraidh ar OARCC cur lena ualach oibre gan acmhainní breise a leithdháileadh ar an eagraíocht nó gan athbhreithniú a dhéanamh ar a sainchúram.

3.2.4 *Faisnéis arna bailiú ó Eagraíochtaí Iniúchta*

- I gcás go leor eagraíochtaí, tógann próiseas na hoibre allamuigh agus na cleachtaí bailithe faisnéise tamall an-fhada ar chúis éigin. Tá tuairim ann go bhfuil na cleachtaí bailithe faisnéise a dhéantar mar chuid d'ábhair iniúchóireachta ró-chríochnúil agus go mbailítear sonraí, beag beann ar cibé an bhfuil siad ag teastáil nó nach bhfuil.
- De réir na n-agallaithe, ní úsáidtear próiseas caighdeánaithe um bailiú sonraí.
- Iad siúd a oibríonn le gnólachtaí iniúchóireachta san earnáil phríobháideach (fiú ar bhonn conraithe nó chun tabhairt faoi fheidhm eile), áitíonn siad go bhfuil an chuma ar an scéal go mbailíonn gnólachtaí san earnáil phríobháideach méid níos lú sonraí agus go ndéanann siad an obair ar bhonn níos córasaí, ag díriú a n-iarrachtaí bailithe sonraí ar réimsí de ghníomhaíocht na heagraíochta lena mbaineann an méid is mó ábharthacht agus tionchar ar riosca don ghnó.

3.2.5 *Cén caidreamh ar cheart a bheith ann idir an Eagraíocht agus OARCC?*

- Aithnítear go huilíoch gur cheart caidreamh gairmiúil a bheith idir an eagraíocht iniúchta agus an t-iniúcháir agus gur cheart go mbíonn coimhthíos iomchuí eatarthu. Bhí na hagallaithe ar fad a cuireadh faoi agallamh den tuairim sin agus i gcás agallaithe a raibh taithí acu ar chaidreamh iniúchóireachta eile, glacadh leis gur gné caighdeánach den chaidreamh é sin.
- Is cosúil go bhfuil an caidreamh idir eagraíochtaí iniúchta agus OARCC i bhfad níos coimhthíche ná sin. Is cúis áiféala é do go leor agallaithe go mbraitheann siad nach féidir leo teagmháil a dhéanamh le pearsanra sinsearach in OARCC agus saincheist iniúchóireachta a phlé ó dhearcadh teoiriciúil, praiticiúil nó eagraíochtúil.

- Tá an chuma ar an scéal gur caidreamh idir rialtóir agus eagraíocht rialaithe den chuid is mó é an caidreamh idir OARCC agus na heagraíochtaí iniúchta. Dúirt agallai amháin gur bhraith sé go ndearnadh an obair iniúcháireachta san eagraíocht go príomha ar son an rialtais seachas mar bhealach chun luach a chur leis an eagraíocht.
- Leis an gcoimhthíos sa chaidreamh idir na heagraíochtaí ag an leibhéal sinsearach, déantar an fhadhb níos measa. Meastar go bhfuil easpa neamhspleáchas ó thaobh na cinnteoireachta i gceist le foireann iniúcháireachta OARCC (lena ndéantar teagmháil ag an leibhéal eagraíochta). I dtuairim na n-agallaithe, cuirtear ceisteanna uile ar aghaidh chuig bainistíocht sinsearach na heagraíochta le haghaidh cinntí agus lena réiteach. Is cúis frustrachais é seo do na hagallaithe. Tá siad den tuairim go bhfuil cinntí agus dearcaidh á nglacadh maidir le hiniúchadh a n-Eagraíochta ag pearsanra nach mbíonn teagmháil ar bith acu leis an eagraíocht ach amháin trína bhfoireann iniúcháireachta féin.
- Is léiriú é sin ar an tsaincheist leathan a bhaineann le cineál an chaidrimh idir OARCC agus na heagraíochtaí iniúchta. Cén cineál caidrimh atá mar sprioc ag OARCC: caidreamh idir iniúcháir agus cliant nó caidreamh idir rialtóir agus eintiteas rialáilte?

3.2.6 *Tá imní ann maidir le saincheisteanna comhréireachta i dtorthaí iniúchta agus litreacha bainistíochta.*

- Tá agallaithe den tuairim gur minic nach gceapann an eagraíocht gur saincheisteanna móra nó ábhartha iad na saincheisteanna a shainaithnítear mar shaincheisteanna móra i gcuntais agus i litreacha bainistíochta.
- Creideann siad nach gcuirtear an gcomhthéacs san áireamh i gcuid de na saincheisteanna. Mar shampla, bhí triúr agallaithe (gan aon bhaint eatarthu) míshásta leis an ró-iniúchadh, dar leo, a rinneadh ar an anailís ar chaiteachas taistil agus féilteachtais. Bhí siad den tuairim go raibh na hiniúcháirí ró-thógtha le rud éigin nach raibh ábhartha do na cuntais fhoriomlána agus go raibh an caiteachas i gceist inchosanta.

Go hachomair, i bhfianaise na tuisceana chomhroinnte ar thábhacht agus feidhm obair OARCC agus na saincheistanna a thagann chun cinn, is cúis frustrachais ar thaobh an iniúchta an fócas a chuirtear ar mhéideanna a cheaptar neafaiseach nó beag.

3.2.7 Tá riachtanas ann feabhas a chur ar chumarsáid i ndáil le tionscadail.

- Sainiúcháin roinnt dúshlán ó thaobh na cumarsáide de sa phróiseas iniúcháireachta. Tá braistint ann go bhfuil feabhas ag teacht ar an gcumarsáid idir OARCC agus na heagraíochtaí iniúchta.
- I measc na ndúshlán a luadh, tá na cinn seo a leanas:
 1. Ba cheart athruithe i bhfoireann tionscadail iniúcháireachta OARCC a chur in iúl i bhfad roimh thús an iniúchta.
 2. Tá gá le hidirghabháil bhreise ag an leibhéal sinsearach idir OARCC agus na heagraíochtaí iniúchta mar chuid den ghnáthchleachtas.
 3. Easpa soiléireachta maidir le fad na hoibre allamuigh.
 4. Easpa soiléireachta maidir le creata-ama na dtionscadal i ndiaidh na hoibre allamuigh.
 5. Teacht chun cinn saincheistanna san obair allamuigh nár nótáladh roimhe sin roinnt míonna i ndiaidh chur i gcrích na hoibre allamuigh.
 6. An tábhacht a thugtar do shaincheistanna measartha beag i litreacha bainistíochta.
 7. Easpa aitheantais a léiríonn OARCC ar na brúnna iolracha a bhíonn i gceist uaireanta in eagraíochtaí iniúchta agus a bhíonn le cur i gcrích agus le síniú roimh spriocdhátaí OARCC.
 8. Cuntais agus litreacha bainistíochta a sholáthar.
 9. Nuair a bhíonn an obair allamuigh curtha i gcrích, féadfaidh an fhoireann iniúcháireachta imeacht agus teacht ar ais arís díreach nuair atá sé gar, agus ró-ghar go minic, do spriocdhátaí rialála.

- Tá sé éasca cur síos a dhéanamh ar na réitigh ach tá sé níos deacra iad a chur i bhfeidhm in eagraíocht (OARCC) ina bhfuil an iomarca éilimh ar acmhainní. Cuirfear fáilte roimh chumarsáid níos fearr maidir le pleananna agus creata-ama iniúcháireachta, agus roimh phleananna tionscadail agus spriocanna inghnóthaithe i ndiaidh na hoibre allamuigh.

4.0 Straitéis Cumarsáide a Fhorbairt

- Ceann de phríomhchuspóirí an tionscadail ná athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis cumarsáide d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OARCC).
- Oibríonn cumarsáid ag leibhéal éagsúla páirtithe leasmhara agus trí bhealaí agus meáin éagsúla. Is léir go bhfuil leibhéal éagsúla rannpháirtíochta agus ceanglais éagsúla cumarsáide ann le haghaidh grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara. Léiríodh na tuairimí seo a leanas le linn na n-agallamh domhain:
 1. Tá tuiscint iomlán ag na hOifigigh Cuntasaíochta agus feidhmeanna Airgeadais sna heagraíochtaí iniúchta ar ról agus feidhm OARCC. Nuair a bhogtar níos faide ar aghaidh, is léir ó phléití le daoine eile den lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den eagraíocht go bhfuil níos lú tuisceana acu. Nuair a théitear síos tríd an eagraíocht, is léir go bhfuil tuiscint ar ról agus feidhm OARCC níos doiléire. Tá sé de nós ag Oifigigh Cuntasaíochta díriú ar thuarascálacha maidir lena n-eagraíochtaí féin seachas a bheith ag féachaint ar obair eile a dhéanann OARCC i ndáil le heagraíochtaí eile.
 2. Tá tuiscint shonrach ag comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí ar ról OARCC. Is dócha go ndíríonn siad isteach ar na réimsí ina dtagann imní chun cinn níos mó ná ar an gcuid is mó de ghnáthghníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tá comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí den tuairim nach mbeadh tuiscint chomh cuimsitheach céanna fiú ag a gcomhghleacaithe san Oireachtas ar fheidhm OARCC ná mar atá acu féin.
 3. De réir na nOifigeach Cuntasaíochta, ceapann na meáin go bhfuil OARCC dírithe ar na gnéithe diúltacha de chaiteachas poiblí agus go ndéanann saincheistean a thagann chun cinn sa Choiste um Chuntais Phoiblí na meáin a spreagadh.

4. Ní raibh aon bhraistint i measc na n-agallaithe go bhfuil tuiscint mhaith ag an bpobal i gcoitinne ar ról OARCC.
5. Creidtear freisin nach ceart poiblíocht agus próifíl níos forleithne a lorg don obair a dhéanann OARCC más rud é go mbeidh neamhspleáchas agus iontaofacht na hOifige sin thíos leis.

4.1 Cad ba mhaith le OARCC a chur in iúl?

Is léir go n-oibríonn cumarsáid ag roinnt leibhéil éagsúla. Tá dúshlán chumarsáide feicthe againn ag na leibhéil éagsúla tá siad curtha san áireamh againn sa tábla thíos:

Grúpa na bPríomhpháirtithe Leasmhara	Dúshlán	Deiseanna
Oifigigh Cuntasaíochta	- Cumarsáid le OARCC maidir leis an eagraíocht - Cén cineál caidrimh atá ag teastáil ó OARCC? - Cén deis atá ann chun dea-chleachtas a chomhroinnt? - Cén deis atá ann chun aiseolas a thabhairt? - Pleananna Tionscadail agus spriocdhátaí - Comhréireacht sna torthaí	- Déan an caidreamh a shainiú agus a chothú - Cothaigh cumarsáid maidir leis an tionscadal - Déan breithniú maidir le dea-chleachtas a chomhroinnt - Déan breithniú ar an teanga a úsáidtear sna torthaí
An Coiste um Chuntais Phoiblí	- Sainmhíniú ar ról choibhneasta idir OARCC agus an Coiste um Chuntais Phoiblí - Cur i láthair na dtorthaí agus tuarascálacha	Feidhm OARCC agus mar atá sé éagsúil ón gCoiste um Chuntais Phoiblí a chur in iúl
An tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne	Torthaí agus soiléiriú maidir leis an ról a chur in iúl	Ar mhaith le OARCC díriú ar fheidhm agus ról OARCC i gcomhthéacs eagraíochtaí aonair.
An Pobal i gcoitinne	Torthaí agus an ról i gcoitinne a chur in iúl Cé mhéid suim ar cheart a bheith ag an bpobal in obair OARCC?	Feasacht a chothú i ndáil le ról OARCC ó thaobh tacú le hairgeadas poiblí a bhainistiú.

Le straitéis cumarsáide nua, d'fhéadfadh na rudaí seo a leanas a bhaint amach:

1. **Tuarascálacha a dhéanamh níos inrochtana.** Dá gcuirfí tosach nua ar thuarascálacha (grafaic faisnéise), bheadh an t-eolas níos inrochtana do ghrúpálacha éagsúla páirtithe leasmhara. Caithfidh tuarascálacha a bheith níos inrochtana agus inléite; féadfaidh fiú iad siúd a dhéanann anailís ar aschuir AORCC a rá go bhfuil na tuarascálacha deacair a léamh agus a thuiscint. Mar chuid de thuarascálacha a dhéanamh níos inrochtana, ní mór straitéis gréasáin agus meán sóisialta a fhorbairt.
2. **Torthaí a Chomhroinnt.** Tá fonn i measc na n-agallaithe foghlaim ó thaithí chomhroinnte iniúchtaí agus eagraíochtaí eile. Is léir go bhfuil fadhbanna ó thaobh acmhainní de laistigh de OARCC rud a chiallaíonn go gcaithfear acmhainn nua a chruthú nó cur leis an acmhainn atá ann cheana féin, ach ar a laghad, dá gcomhroinnfí dea-chleachtas, ligfí do níos mó ná cuir chuige frithghníomhacha i leith tuarascálacha bliantúla.

Is ann do thuairimí measctha maidir le cibé ar cheart do OARCC níos mó úinéireachta a ghlacadh ar na tuarascálacha agus torthaí. Má tá OARCC lena próifíl a ardú, beidh meon agus cineál a teagmhála leis na meáin maidir lena ról féin agus ról na n-eagraíochtaí iniúchta rí-thábhachtach.

3. **An Caidreamh le hEagraíochtaí Iniúchta a Shainmhíniú.** Cé go gcuirtear béim ar shuíomh gréasáin OARCC ar an gcaidreamh atá ag teastáil idir OARCC agus eagraíochtaí iniúchta, sa saol mar atá is beag braistint a bhí ann de chaidreamh breisluacha don eagraíocht iniúchta. Iad siúd a bhfuil caidreamh acu le heagraíochtaí eile iniúchta, déanann siad cur sios difriúil ar an gcaidreamh sin i gcomparáid leis an gcaidreamh atá acu le OARCC. Cathfidh na eagraíochtaí iniúchta i gcoitinne agus OARCC a bheith ar aon fhocal maidir leis na nithe seo a leanas:
 - a. Feidhm agus cineál an chaidrimh idir an dá eagraíocht
 - b. Toilteanas (nó easpa toilteanais) OARCC caidreamh a chothú le gach eagraíocht iniúchta
 - c. Creat-ama na dtionscadal iniúcháireachta agus a gcur i gcrích
 - d. An próiseas i ndiaidh na hoibre allamuigh, cé atá páirteach i gcur i gcrích an iniúchta?
 - e. Criticiúlacht thorthaí an iniúchta
 - f. An cliaint iad nó a mhalairt?

g. Cén luach atá OARCC ag féachaint le cur leis na heagraíochtaí iniúchta?

Tríd is tríd, is bunchéim bhunúsach i dtreo straitéis cumarsáide níos leithne a fhorbairt straitéis cumarsáide a bhunú idir OARCC agus na heagraíochtaí iniúchta. Ní fiú féachaint le ról níos leithne a phoibliú má tá na heagraíochtaí iniúchta doiléir nó éiginnte faoi fheidhm iarbhair OARCC.

4. **An Pobal i gcoitinne.** Bhí sé lasmuigh de théarmaí tagartha na tuarascála seo athbhreithniú a dhéanamh ar thuairimí an phobail i gcoitinne. Is réasúnach glacadh leis nach bhfuil ach eolas teoranta ag an bpobal i gcoitinne ar ról agus sainchúram OARCC. Cé nach mbeadh tuiscint theicniúil ar aschuir OARC, tá deis ann OARCC a chur chun cinn mar fhoras faire a chinntíonn go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar chaiteachas agus acmhainní poiblí. An dúshlán atá ann do OARCC ná sa chomhthéacs reatha, bíonn tuairim ann maidir leis an gcuid is mó de na tuarascálacha a eisítear san fhearann poiblí gur cur amú forleathan airgid poiblí é. Agus straitéis cumarsáide a fhorbairt don phobal i gcoitinne, ní mór do OARCC breithniú a dhéanamh ar cibé ar mhaith léi staid a ghlacadh maidir leis an tuairim seo: an tuairim fhíor é nó ar cheart dul i ngleic leis mar thuairim nó ar cheart é a chothromú le hathdhearbhú, más cuí.

5. **An Coiste um Chuntais Phoiblí.** Ní raibh an t-athbhreithniú seo dírithe ar ról an Choiste um Chuntais Phoiblí ach luadh é in go leor agallamh. Tá tuiscint ag Oifigigh Cuntasaíochta sna heagraíochtaí a cuireadh faoi agallamh ar an ról a bhíonn ag tuarascálacha OARCC ó thaobh cláir oibre an Choiste ach ba mhaith leo a chinntiú go sainmhínítear go soiléir an deighilt idir an Coiste um Chuntais Phoiblí agus OARCC i gcónaí. Cuirfear isteach ar thuairimí maidir le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas OARCC mura gcoinnítear an deighilt sin.

5.0 Tátail

Bhí tuiscint shoiléir ag na páirtithe leasmhara uile a cuireadh faoi agallamh ar ról Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (OARCC). Comhlíonann sé agus feictear go gcomhlíonann sé feidhm ríthábhachtach bhunreachtúil. Níor fhéach aon agallaí le príomhfheidhm agus príomhról OARCC a athrú.

I dtéarmaí foriomlána, is rud fíordhearfach don eagraíocht é an tuairim láidir chomhroinnte go bhfuil a hoibleagáidí agus sainchúram bunreachtúil á gcomhlíonadh ag OARCC. Meastar gur oifig neamhspleách í a dhéileálann leis na fíricí. An obair a chuirtear i gcrích ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, meastar gur obair dhíograiseach chríochnúil í. Sa chuid is mó d’eagraíochtaí, is as saincheistanna beaga seachas saincheistanna móra a thagann an teannas.

D’fhéadfadh an caidreamh idir OARCC agus na heagraíochtaí iniúchta bheith níos fearr. Tá roinnt eagraíochtaí den tuairim go bhfuil siad á rialáil seachas á n-iniúchadh. D’fhéadfaí dul i ngleic freisin leis an bhfothuairim atá ann maidir le comhréireacht na dtorthaí. Tá muinín uilíoch ann as OARCC agus tugtar tacaíocht uilíoch di freisin agus dá ról maidir le cuntas a thabhairt ar an úsáid a bhaintear as airgead poiblí, ach léirítear tuairim chomhchoiteann go rímhinic go mbaineann roinnt torthaí diúltacha leis an mbealach a cheaptar go ndírítear ar shaincheistanna beaga mionsonraithe. Féadfaidh go bhforbrófar cultúr seachanta-rioscaí san eagraíocht iniúchta dá bharr.

Go leor de na daoine a chuireamar faoi agallamh, bhí siad den tuairim go bhfuil *cinneadh* gníomhach déanta ag OARCC *gan* caidreamh a chothú leo. Dá bharr sin, cothaítear roinnt frustrachais do na heagraíochtaí iniúchta. Ní mór do OARCC machnamh a dhéanamh maidir leis an gcineál caidrimh atá ag teastáil uathu leis na heagraíochtaí iniúchta. Ba cheart freisin athbhreithniú a dhéanamh ar chumarsáid i ndáil le tionscadail chun ailíniú níos fearr a chinntiú idir OARCC agus na heagraíochtaí.

Deis dhearfach eile a d’fhéadfadh tairbhe a bheith leis ar fud na seirbhíse poiblí ná an fonn i measc na n-eagraíochtaí foghlaim ó OARCC agus dea-chleachtas a chomhroinnt.

Oibríonn cumarsáid ag leibhéil éagsúla páirtithe leasmhara agus trí bhealaí agus meáin éagsúla. Is léir go bhfuil leibhéil éagsúla rannpháirtíochta agus ceanglais cumarsáide éagsúla ann le haghaidh grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara.

Tá deis cheart ann, má chuirtear na hacmhainní iomchuí ar fáil dó, cumarsáid a dhéanamh leis na grúpaí sin agus le grúpaí eile páirtithe leasmhara maidir le feidhm, obair agus torthaí OARCC.
